**Title of Experiment 12(c)**: Cloch shalainn a íonghlanadh trí scagadh agus trí ghalú.

**Date:** **Student(s):________________________**

**Planning the Activity:**
Bailítear an uirlis atá ag baint leis an turgnamh seo (thíos).

**Materials and Apparatus/Procedure:**
Fearas: Tuairgnín agus moirtéar, eascra, seastán tríchosach, uige mhiotail, slat chorraithe, dóire Bunsen, tonnadóir, scagpháipéar, fleascán cónúil, mias ghalaithe, cloch shalainn, uisce.
**Modh**:

1. Déantar sampla den chloch shalainn a mheilt sa mhoirtéar leis an tuairgnín.
2. Cuirtear an cloch shalainn atá meilte in uisce te in eascra.
3. Cuirtear an meascán os cionn dóire Bunsen agus corraítear é leis an tslat chorraithe.
4. Ligtear don mheascán fuarú.
5. Filltear píosa scagpháipéir agus cuirtear sa tonnadóir é.
6. Cuirtear an tonnadóir ar bharr an fhleascáin chonúil agus doirtear an meascán isteach ann.
7. Bailítear an scagáit sa fhleascán agus cuirtear isteach i mias ghalaithe í.
8. Cuirtear an mhias ghalaithe ar an seastán tríchosach os cionn dóire Bunsen agus cuirtear teas léi go dtí go mbeidh formhór an uisce galaithe aisti.
9. Cuirtear an mhias ghalaithe os cionn eascra uisce agus fiuchtar an t-uisce ann go dtí go ngalófar aon uisce atá fágtha sa mhias ghalaithe.

**Diagram(Léaráid):**

**Results (Torthaí):**

**Conclusion (Conclúid):**